Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8712/23**
**ADD 1**

**ENT 84**
**MI 326**
**COMPET 359**
**CONSOM 140**
**SAN 211**
**ENV 409**
**CHIMIE 38**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Aibreán 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 2672 final - Iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear, chun é a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán a mhéid a bhaineann le nótaí a chur le Cuid 1, roinn 1.1.3.1, d'Iarscríbhinn VI |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 2672 final - Iarscríbhinn.

Faoi iamh: C(2023) 2672 final - Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.4.2023
C(2023) 2672 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear, chun é a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán a mhéid a bhaineann le nótaí a chur le Cuid 1, roinn 1.1.3.1, d'Iarscríbhinn VI**

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Cuid 1 d’Iarscríbhinn VI mar a leanas:

(1) i roinn 1.1.3.1, cuirtear isteach an nóta X seo a leanas:

‘Nóta X:

Ní bhunaítear an t-aicmiú le haghaidh na n-aicmithe guaise san iontráil seo ach ar airíonna guaiseacha na coda den tsubstaint atá coiteann do gach substaint san iontráil. Braitheann airíonna guaiseacha aon substainte san iontráil ar airíonna na coda den tsubstaint nach bhfuil coiteann do gach substaint sa ghrúpa. Ní mór meastóireacht a dhéanamh ar an dara cás thuas chun a mheas an bhféadfadh feidhm a bheith ag aicmithe níos déine (i.e. catagóir níos airde) nó raon feidhme níos leithne de chuid an aicmithe chéanna (difreáil bhreise, spriocorgáin agus/nó ráitis ghuaise) maidir leis na haicmithe guaise san iontráil.’;

(2) i roinn 1.1.3.2, cuirtear isteach na nótaí 11 agus 12 seo a leanas:

‘Nóta 11:

Tá gá le meascáin a aicmiú mar thocsain atáirgthe más $\geq 0.3$ % suim na dtiúchan de chomhdhúile bóróin aonair a aicmítear mar thocsain atáirgthe sa mheascán mar a chuirtear ar an margadh é.

Nóta 12:

Tá gá le meascáin a aicmiú mar thocsain atáirgthe más rud é go bhfuil suim na dtiúchan de shubstaintí aonair a chumhdaítear leis an iontráil seo sa mheascán mar a chuirtear ar an margadh é cothrom leis an teorainn chineálach tiúchana is infheidhme don chatagóir sannta, nó le sainteorainn tiúchana a thugtar san iontráil seo, nó os a cionn.’.